



An Garda Síochána

Doiciméad Beartais

Córas Bainistíochta Uainchláir agus Dualgais

Dáta Éifeachta	<i>19 Feabhra 2020</i>
Leagan Uimh.	<i>1.0</i>
Arna cheadú ag	<i>Feidhmeannach an Gharda</i>
Arna thabhairt isteach le	<i>Treoir HQ 009/2020</i>
Úinéir Beartais	<i>Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Acmhainní Daonna agus Forbairt Daoine</i>

Cuspóir

Éilíonn castacht phóilíneacht an lae inniu in éineacht le dul chun cinn i bhforbairt teicneolaíochta agus próiseas go n-úsáidfead cur chuige córasach láidir maidir le pleanáil dualgais agus imscaradh na n-acmhainní go léir chun freastal ar éilimh phóilíneachta

Is é cuspóir an bheartais seo cur chuige an Gharda Síochána maidir le pleanáil agus imscaradh dualgais a leagan amach agus an úsáid is éifeachtaí a bhaint as a phearsanra trí Chóras Bainistíochta Uainchláir agus Dualgais (RDMS) a chur i bhfeidhm.

Raon Feidhme

Tá feidhm ag an doiciméad seo agus na doiciméid ghaolmhara go léir maidir le comhaltaí an Gharda Síochána agus foireann an Gharda. Tá feidhm aige chomh maith maidir le Póilíní Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (PSNI) atá ar iasacht don Gharda Síochána de réir alt 53 d'Acht an Gharda Síochána, 2005.

Ráiteas Beartas

Is é an príomh-réasúnaíocht atá ag an gCóras Bainistíochta Uainchláir agus Dualgais ná bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar dhualgais phleanáilte agus ar leithdháileadh phearsanra an Gharda Síochána chun freastal ar an éileamh ar sheirbhísí póilíneachta den sórt sin.

Tacaíonn an cur chuige seo leis an nGarda Síochána a chuspóirí straitéiseacha a bhaint amach, chun dea-rialachas agus bainistíocht éifeachtach a chinntiú.

Beidh sé mar aidhm ag RDMS:

- Cur i bhfeidhm na pleanála dualgais a rialú
- Taifeadadh ama agus tinrimh maidir le pearsanra uile an Gharda Síochána a rialú.
- An mheicníocht rialachais agus cuntasachta a sholáthar maidir le leithdháileadh acmhainní agus am agus tinreamh
- Uirlis a chur ar fáil chun monatóireacht agus bainistiú a dhéanamh ar chomhlíonadh Chomhaontú Ama Oibre Uainchláir Bhaile an Iarthair.

Cuirfead RDMS i bhfeidhm go hincriminteach chuig gach Rannán, Biúró, Aonad agus Rannóg laistigh den Gharda Síochána, agus beidh timpeallacht oibriúcháin chomhthreomhar ann lena linn sin agus beidh roinnt phearsanra ag feidhmiú sa chleachtas reatha agus daoine eile ag cur an chórais nua RDMS i bhfeidhm san áit a bhfuil sé lonnaithe.

Tá an Stiúrtóir Feidhmiúcháin Acmhainní Daonna agus Forbairt Daoine freagrach as agus cinnteoidh sé cur i bhfeidhm agus comhlíonadh Bheartas RDMS agus an doiciméad Nós Imeachta a bhaineann leis.

Féadfaidh Úinéir an Pholasáí feidhmeanna áirithe a tharmligean chuig Riarthóir RDMS.

Doiciméid Ghaolmhara

1. Córas Bainistíochta Uainchláir agus Dualgais- Doiciméad Nóis Imeachta

Doiciméid Chealaithe

1. Treoir HQ Uimh: 003(L)2018 - Córas Bainistíochta Uainchláir agus Dualgais



Scagthástáil ó thaobh an dlí agus Cearta Daonna de

Rinneadh scagthástáil ó thaobh an dlí agus cearta daonna de ar an doiciméad seo agus a doiciméid tacaíochta i dtéarmaí na n-oibleagáidí faoi seach a cuireadh ar an nGarda Síochána don réimse ábhair lena mbaineann.

Caighdeáin Eiticiúla agus Gealltanais

Ní mór do gach duine atá ag obair sa Gharda Síochána cloí leis na caighdeáin agus na gealltanais atá leagtha amach sa Chód Eitice don Gharda Síochána agus seasamh leis an gCód seo agus é a chur chun cinn ar fud na heagraíochta.

Cosaint Sonraí

Ní phróiseálfaidh Pearsanra an Gharda Síochána sonraí pearsanta ach amháin chun críocha sonraithe agus laistigh de bhonn dleathach atá sainithe go soiléir faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) ((AE) 2016/679) agus faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988/2018. Cuirfear gach beart is gá i bhfeidhm chun a chinntiú go gcoinnítear na sonraí pearsanta slán sábháilte agus ní bheidh rochtain ach ag pearsanra údaraithe ar shonraí pearsanta. Ní phróiseálfar ach sonraí pearsanta ábhartha, agus ní choinneofar iad níos faide ná mar is gá. Ceanglaítear ar gach pearsanra a chinntiú go gcloítear le cearta cosanta sonraí an duine aonair agus aon sárúithe amhrasta sonraí a aithint agus a mhaolú.

Comhlíonadh

Tá comhlíonadh an Bheartais seo agus an doiciméid nós imeachta gaolmhar éigeantach do phearsanra uile an Gharda Síochána.

Athbhreithniú ar Bheartas & Nós Imeachta

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí agus ar an doiciméad nós imeachta gaolmhar seo sula gcuirfear an Córas Bainistíochta Uainchláir agus Dualgais i bhfeidhm de réir a chéile agus nuair a bheidh rolladh amach iomlán bainte amach déanfar athbhreithniú ar na doiciméid gach trí bliana ina dhiaidh sin.

Séanadh

Ní bheartaítear leis an doiciméad seo, ná ní hionann é agus comhairle dlí a mbeifear ag brath uirthi maidir leis an ábhar atá anseo. Níor cheart an doiciméad seo a úsáid in ionad comhairle dlí ghairmiúil.

